2025/56

13.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/56 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Eanáir 2025

lena n-athosclaítear an t-iascach le haghaidh trosc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu, trí Rialachán (AE) 2024/2870 a aisghairm

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2024.

(2) An 10 Deireadh Fómhair 2024 thug an Fhrainc fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 35(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, faoina cinneadh toirmeasc a chur ar iascaireacht a dhéanamh ar throisc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 ón 26 Iúil 2024.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/2870 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh toirmeasc ar shoithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh ar throisc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2.

(4) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún an 7 Samhain 2024 ó údaráis na Fraince, tá cainníocht fós ar fáil don Fhrainc le haghaidh chuóta an stoic sin. Dá bhrí sin, ba cheart an t-iascach le haghaidh trosc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc a athoscailt go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

(5) Ba cheart éifeacht a bheith ag athoscailt an iascaigh sin an 7 Samhain 2024, chun go bhféadfar iascaireacht a dhéanamh ar an gcainníocht trosc atá i gceist roimh dheireadh na bliana atá ann faoi láthair.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2870 a aisghairm le héifeacht ón 7 Samhain 2024.

(7) Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, mar go bhfuil cuóta fós ar fáil le haghaidh an stoic sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athosclaítear an t-iascach le haghaidh trosc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 le haghaidh shéasúr iascaireachta 2024 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

Aisghairtear Rialachán (AE) 2024/2870.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/2870 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2024 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh trosc in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 i gcás soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu (IO L, 2024/2870, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2870/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 7 Samhain 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Costas KADIS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	25/TQ257 — Athoscailt
Ballstát	An Fhrainc
Stoc	COD/1N2AB.
Speiceas	An trosc (*Gadus morhua*)
Limistéar	Uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2
Dáte an iaimh	26 Iúil 2024
Dáta athoscailte	7 Samhain 2024